

Caingean arna tabhairt an 16 Meán Fómhair 2022 – Robin Wood agus páirtithe eile v an Coimisiún

(Cás T-575/22)

(2022/C 482/30)

*Teanga an cháis: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: Robin Wood – Gewaltfreie Aktionsgemeinschaft für Natur und Umwelt eV (Hamburg, an Ghearmáin) agus seisear eile (ionadaí: C. Baldon, Dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- cinneadh an Choimisiúin faoi thagairt Ares(2022)4939323 dar dáta an 6 Iúil 2022 lenar dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar athbhreithniú inmheánach dar dáta an 3 Feabhra 2022 arna thabhairt ag na hiarratasóirí de bhun Airteagal 10 de Rialachán Aarhus a chur ar neamhní;
- a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir na saincheisteanna dlí seo a leanas.

1. Maidir le “gníomhaíochtaí foraoiseachta” tá na hiarratasóirí ag brath ar shé shaincheist dlí, ag maíomh go bhfuil an Cinneadh atá faoi chonspóid ag baint leis na nithe seo a leanas:
 - earráidí dlí agus earráidí follasacha measúnaithe i ndáil leis na critéir lena gcinntear cathain a dhéanann gníomhaíocht rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide;
 - earráidí dlí agus earráidí follasacha measúnaithe i ndáil leis an díolúine ó anailís ar thairbhe aeráide do ghabháltais foraoise faoi bhun 13 heicteár sna critéir maidir le rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide;
 - earráidí dlí agus earráidí follasacha measúnaithe maidir leis na critéir lena gcinntear cathain nach ndéanann gníomhaíocht dochar suntasach don oiriúnú don athrú aeráide;
 - earráidí dlí maidir leis na critéir lena gcinntear nuair nach ndéanann gníomhaíocht dochar suntasach don aistriú go geilleagar ciorclach;
 - earráidí dlí maidir leis na critéir lena gcinntear nuair nach ndéanann gníomhaíocht dochar suntasach do mhaolú an athraithe aeráide;
 - earráidí dlí agus earráidí follasacha measúnaithe i ndáil leis na critéir lena gcinntear cathain nach ndéanann gníomhaíocht dochar suntasach do chosaint agus d’athshlánú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras.
2. Maidir le “gníomhaíochtaí bithfhuinnimh foraoise”, tá na hiarratasóirí ag brath ar shé shaincheist dlí, ag maíomh go bhfuil an Cinneadh atá faoi chonspóid ag baint leis na nithe seo a leanas:
 - earráidí follasacha measúnaithe go bhfuil na critéir “rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide” leordhóthanach lena gcinntear go rannchuidiú gníomhaíocht go suntasach le maolú ar an athrú aeráide;
 - earráidí dlí maidir leis na caighdeáin chun na critéir scagtha theicniúla a bhunú;
 - earráidí follasacha sa mheasúnú agus é á mheas go bhfuil na critéir maidir le “rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide” le haghaidh gníomhaíochtaí bithfhuinnimh foraoiseachta bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch agus ar phrionsabal an réamhchúraim;

- earráidí follasacha measúnaithe lena gcinntear nach n-áirithítear leis na critéir “gan dochar suntasach a dhéanamh” do ghníomhaíochtaí bithfhuinnimh foraoise nach ndéanfaidh na gníomhaíochtaí sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil eile Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 ⁽¹⁾;
- earráidí dlí agus earráidí follasacha measúnaithe maidir leis na critéir i ndáil le rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide;
- earráidí sa dlí agus measúnú i gcur i bhfeidhm Chomhaontú Pháras agus Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO 2020 L 198, lch. 13).

Caingean arna tabhairt an 23 Meán Fómhair 2022 – RH agus páirtithe eile v an Coimisiún

(Cás T-596/22)

(2022/C 482/31)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóirí: RH, RI, RJ, RK, RL (ionadaí: P. Holtrop, Dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2022, C (2022) 3942 final, Státchabhair SA. 102454 (2022/N) – an Spáinn agus SA. 102569 (2022/N) – an Phortaingéil – maidir leis an meicníocht coigeartaithe costais táirgthe chun an praghas mórdhíola leictreachais i margadh na hIbéire a laghdú, a chur ar neamhní,
- a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún earráid fíorais: agus gur mhainnigh air feidhmiú an bhirt státchabhrach náisiúnta a thuiscint.

Níor thuig an Coimisiún feidhmiú an bhirt in *Real Decreto-Ley 10/2022* ⁽¹⁾ i gceart. In anailís an Choimisiúin sa Chinneadh atá faoi chonspóid, ní léir go bhfuil an Coimisiún ar an eolas nach gclúdaítear leis an díolúine do sholáthairtí leictreachais fálaíthe na fála go léir a d'fhéadfadh a bheith ann, ós rud é go dtagraíonn sé i roinnt míreanna don díolúine a bheith i bhfeidhm ar rannpháirtithe an mhargaidh mórdhíola agus i míreanna eile meastar go mbíonn tionchar ag an díolúine ar aon fhál. Is ea a bhíonn de thoradh air sin nár chuir an Coimisiún seasamh na n-iarratasóirí san áireamh agus gur chinn sé, go mícheart, go ndéanann an scéim cúnaimh stáit dlí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear nach bhfuil an *Real Decreto-Ley 10/2022* oiriúnach ná comhréireach:

- cé go bhfuil an mheicníocht státchabhrach spriocdhírthe go maith ar a chuspóir a bhaint amach, d'fhéadfaí modhanna eile nach bhfuil chomh suaiteach sin nach mbeadh tionchar diúltach acu ar sheasamh na n-iarratasóirí sa mhargadh a úsáid chun an sprioc a chur i gcrích;
- ina theannta sin, chuirfeadh siad cosc ar suaitheadh a leanann as scéim cúnaimh, mar shampla na hiarratasóirí a chur faoi mhíbhuntáiste d'iomaitheoirí an mhargaidh a bhfuil struchtúir éagsúla soláthair fuinnimh acu nó an fhéidearthacht brabús amhantair a leithdháileadh ar chuideachta, a bhfuil na hiarratasóirí tar éis cuid dá n-ídiú leictreachais a fhálú leo, agus a gcliaint.